Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Samhain 2021
(OR. en)

13110/21
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0114(COD)**

CODEC 1356
TRANS 616
FISC 176
ENV 770

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoracha 1999/62/CE, 1999/37/CE agus (AE) 2019/520, a mhéid a bhaineann le muirir ar úsáid bonneagar áirithe a ghearradh ar fheithiclí**(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle<br>= Ráitis |

**Ráiteas ón Ostair**

Mar a luadh cheana i mí na Nollag 2020, tacaíonn an Ostair leis na cuspóirí chun an t-iompar de bhóthar a dhícharbónú agus chun an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as a neartú. Admhaíonn an Ostair go rannchuideoidh an Treoir athbhreithnithe maidir le hEoraifínéad chun spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach. Sa chaoi sin, is díol sásaimh don Ostair gur tugadh isteach modhnú CO2 maidir le muirir a ghearradh ar iompar earraí troma agus an oibleagáid costais sheachtracha a thobhach i limistéir ina ndéantar damáiste suntasach don chomhshaol. Aithníonn an Ostair freisin gur baineadh amach feabhsuithe áirithe maidir le huasmharcálacha, go háirithe an fhéidearthacht uasmharcálacha a thobhach lasmuigh de na réigiúin shléibhtiúla agus de bhreis ar chostais sheachtracha.

Mar sin féin, coinneoidh an treoir athbhreithnithe an bunphrionsabal maidir le haisghabháil costas in Airt. 7b agus 7e, a leanann go ginearálta de theorainneacha a leagan síos do bhearta beartais iompair i réimse na muirear ar bhóithre.

Maidir leis sin, ní leor an téacs maidir le huasmharcálacha in Airteagal 7f (1)(b) chun aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar staid an tráchta ar chrosbhealach Brenner na nAlp, atá thar a bheith dian ar an daonra agus ar an gcomhshaol le blianta fada anuas. Tá sé den ríthábhacht don Ostair uasmharcáil 50 % a chur i bhfeidhm. Leis an téacs nua, tá gá le comhaontú ó na Ballstáit go léir, atá mar chuid den chonair sin agus atá in aice leis na Ballstáit ar ina gcríoch a bhfuil an chuid sin den chonair a bhfuil uasmharcáil 50 % á cur i bhfeidhm ina leith. Is constaic gan ghá é sin, a mbeadh mar thoradh uirthi nach gcuirfí an fhoráil i bhfeidhm go praiticiúil choíche. Is mór an trua é sin, go háirithe i bhfianaise na spriocanna uaillmhianacha aeráide ar thángamar ar chomhaontú ina leith ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, níl an fhoráil seo inghlactha ag an Ostair.

Ní mór dúinn cloí leis an sprioc treoir a ghlacadh a mbeidh laghdú inbhuanaithe ar thrácht lasta bóthair mar thoradh uirthi agus a rannchuideoidh le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais, go háirithe i bhfianaise sprioc an Aontais go ndéanfaí glanlaghdú intíre -55 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa suas go dtí 2030.

Anuas air sin, ní féidir leis an Ostair tacú leis an oibleagáid muirear laethúil ar úsáideoirí (greamán) a thabhairt isteach do ghluaisteáin paisinéirí, mar go bhféadfadh srianta ar na Ballstáit nó ualach riaracháin ar na córais atá ann cheana a bheith mar thoradh air sin.

Ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, ní mheasann an Ostair gur rannchuidiú bailí é téacs reatha an athbhreithnithe chun Aontas aeráidneodrach nó laghdú inbhuanaithe ar thrácht ar bhóithre a bhaint amach. Dá bhrí sin, vótálann an Ostair ina choinne.

## <u>**Ráiteas ón Danmhairg**</u>

Molann an Danmhairg na huachtaránachtaí éagsúla a tháinig i ndiaidh a chéile as an Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 1999/62/CE maidir le muirir ar úsáid bonneagar áirithe a ghearradh ar fheithiclí earraí troma, agus go deimhin Uachtaránacht na Portaingéile as an gcaibidlíocht thríthaobhach le Parlaimint na hEorpa an 16 Meitheamh 2021 a thabhairt chun críche.

Tacaíonn an Danmhairg go mór le rúin an togra, go háirithe na bearta lenar féidir a áirithiú go n-úsáidfear na prionsabail 'an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as' agus 'íoc mar a úsáidtear'.

Is oth leis an Danmhairg, áfach, gur tugadh isteach cur in áirithe éigeantach ioncaim ó mhuirir brú tráchta. Chuir an Danmhairg in iúl le linn na caibidlíochta maidir leis an togra go bhfuil an Danmhairg i gcoinne aon ioncam a chur in áirithe, ós rud é gur cheart gur saincheart náisiúnta eisiach a bheadh i gcinntí maidir le húsáid ioncaim.

Cé go dtacaíonn an Danmhairg i gcoitinne leis an gcuspóir agus leis na heilimintí glasa sa chomhaontú, ní féidir leis an Danmhairg, dá bhrí sin, tacú leis an gcur in áirithe a luaitear in Airteagal 7da den téacs comhréitigh agus, ar an drochuair, níl sí in ann tacú leis an téacs comhréitigh críochnaitheach.